Plean Gaeilge Do
Scoil Phádraig,Dobhar

Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo leanas:_

1. ***Pleanáil don Churaclam***
    1. Cur Chuige Cumarsáideach_
    2. Feidhmeanna teanga _
    3. Snáitheanna agus snáithaonaid an Churaclaim_
    4. Comhtháthú na Snáitheanna_
    5. Téamaí_
    6. Stráitéisí_
    7. Modhanna Múinte_
    8. Gaeilge Neamhfhoirmiúil

2. ***Pleanáil Eagraíochta***
    1. Pleanáil an mhúinteora_
    2. Áiseanna_
    3. Éagsúlacht cumais_
    4. Comhtháthú le hábhair eile_
    5. Measúnú_
    6. Obair bhaile_
    7. Forbairt foirne_
    8. Tuismitheoirí agus an Ghaeilge_
    9. Comhionannas_
    10. Scrúdaithe Caighdéanacha_

Scoil Phádraig, Dobhar

Réamhráiteas

(a) Cuireadh an plean seo le chéile sa scoilbhliain 2012 i gcomhair le Brídín Mac Uiginn ón PPDS a chuidigh leis an bpríomhoide agus an fhoireann é a chur le chéile._

(b)**Tá gá leis an bplean seo mar:** _

- go bhfuil an spriocdáta sroichte le haghaidh athbhreithniú._
- chun cuidiú linn an Curaclam a chur in oiriúint don scoil.
- chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na Gaeilge.

- chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil.
- eolas a thabhairt do oidí nua.
- Ciorclán 0056/2011

Fís, Aidhmeanna agus Comhthéasc na Scoile

a. Fís

Tá sé ar intinn ag na múinte-
oirí an teanga Gaeilge a chur chun cinn pé seans a fhaigheann siad. Tá sé mar pholasaí scoile go labharfaidh na múinte-
oirí Gaeilge lena chéile agus leis na páistí i gcónaí seachas nuair atá siad ag déanamh Béarla mar abhar. Baintear an – taitneamh as labhairt na Gaeilge sa scoil seo agus tá súil gur mar seo a bheas sa todhchaí. Tá sé mar sprioc ag na múinteoirí grá agus meas don teanga a chothú sna daltaí. Déantar é seo tríd an teanga a labhairt, tríd an léitheoireacht agus tríd an scríbhneoireacht a leathnú, a fheabhsú agus a shaibhriú.
Tá an scoil i gcroílár Gaeltachta agus an Ghaeilge a labhairtirt sa cheantair go rialta agus bheadh sé mar aidhm ag na múinteoirí agus na tuismitheoirí na páistí a spreagadh agus a ghríosú chun an teanga a choinneal beo taobh amuigh de gheataí na scoile.
Ag fágáil Rang 6 i Scoil Phádraig ba mhaith linn go mbeidh meas agus dearcadh dearfach ag na daltaí ar an dteanga agus go mbeidh siad in ann cumarsáid d'ard chaighdeán a dhéanamh i nGhaeilge._

(b)Aidhmeanna *(R.C. lch 14)*_

Seo iad na h-aidhmeanna atá againn mar fhoireann:

- an Gaeilge a bheith mar ghnáth–theanga cumarsáide
- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis a chothú inti
- taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a chothú
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chothú go leibhéal oiriúnach
- feasacht teanga agus feasacht cultúr a chothú
- cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

(c) Comhthéacs na Scoile

- Is scoil Gaeltachta ***í*** Scoil Phádraig.
- Is scoil beag tuaithe ***í.Tá*** 4 múinteoir ranga sa scoil agus ilranganna acu uilig. Tá múinteoir Tacaíocht Foghlama againn agus Múinteoir Acmhainne páirt-aimseartha againn fosta.

- Tá cúntóir teanga agus cúntóir saibhriú teanga ***sa scoi***l ag cabhrú leis an ghaeilge.
- Tagann na páistí atá ag freastal ar an scoil seo ó chúlra lán Ghaeilge, Gaeilge agus Béarla agus Béarla amháin.
- Tá roinnt ***mórchuid de*** thuismitheoirí na bpáistí atá ag freastal ar an scoil seo ag caint Gaeilge lena gcuid páistí sa bhaile.
- Tá na tuismitheoirí ***go léir*** fabhrach don Ghaeilge agus tugann siad go leor tacaíocht don scoil.
- Is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na scoile.

1.Pleanáil don Churaclam

Ábhar an Phlean

1. ***Cur Chuige Cumarsáideach (T.L. lch. 58)***

Is iad príomhghnéithe an cur chuige cumarsáideach ná díriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí / teanga atá roghnaithe le saol an pháist, sa dóigh seo is féidir leis an bpáiste bheith gníomhach san fhoghlaim. Beidh sé/sí in ann na feidhmeanna teanga a úsáid ….slán a fhágáil / ceist a chur / freagra a thabhairt. Mar sin tá cumarsáid mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus na ceithre snáitheanna a bheith comhtháite lena chéile an oiread is gur féidir.
Sa cheacht cumarsaideach caithfidh an ábhar teagaisc agus foghlama a bheith páiste-lárnach, caithfidh na feidhmeanna teanga a bheith réalaíoch, agus na comhthéacsanna a bheith réalaíoch do saol an pháiste. Spreagann an múinteoir na páistí chun foghlama agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheacht. Cuireann sé / sí ábhar spreagúil ar fáil do na ceachtanna a bhfuil ceangal aige le suim, le saol agus le caitheamh aimsire na bpáistí.Bíonn teanga labhartha an mhúinteora mar deá shampla ag na páistí. Beidh an páiste gafa gníomhach chomh minic agus is féidir sa cheacht cumarsáideach
Tuigeann na múinteoirí go bhfuil trí thréimhse i ngach ceacht Gaeilge

- An Tréimhse RéamhChumarsáide
- An Tréimhse Cumarsáide
- An Tréimhse IarChumarsáide

Réamhchumarsáid

Is sa tréimhse seo a spreagann an múinteoir spéis na bpáistí san ábhar nó sa toipic le ceisteanna agus le comhrá ginearálta, nó is féidir tasc beag a dhéanamh nó cluiche a imirt.
Úsáideann na páistí an teanga atá acu chun ceist a chur agus freagraí a thabhairt, chun eolas a lorg ón mhúinteoir agus a thabhairt dó / di.
Éilíonn an múinteoir an teanga agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a bionn ag teastáil ó na páistí don tasc a bíonn le déanamh. Muna bhfuil an teanga ar eolas ag an rang múineann an múinteoir an foclóir agus na frásaí nua ag úsáid raon de na modhanna múinte (féach lth 64 den curaclam).

Tugann an múinteoir deis do na páistí an teanga atá foghlamtha cheana a úsáid I gcomhthéascanna difriúla.(Sa treimhse seo tá spreagadh, múscailt suime, ionchur teanga, aithris agus athrá, cleachtadh,cluichí gramadaí agus gníomhaíochtaí faoi threoir).

N.B. Múin foclóir agus feidhmeanna nua agus bain úsáid as na modhanna múinte (An Modh Díreach, Modh na Sraithe, Modh na Ráite srl.)

Cumarsáid

Cuideóidh an tréimhse seo leis na páistí an teanga a shealbhú trína húsáid. Bíonn deis ag na páistí an teanga a d'fhoghlaim siad a úsáid chun tasc éigin a chur i gcrích nó chun ról a ghlacadh i suíomh faoi leith. Bíonn saoirse ag an bpáiste anseo an teanga a úsáid go cruthaitheach, ach bíonn an tasc nó an suíomh faoi threoir an mhúinteora chun go mbeidh ceangal leis an ullmhúcháin a rinneadh ag tús an cheachta.
Bíonn cluichí cumarsáide, sceitsí agus drámaíocht ar siúl. Déanann an múinteoir iarracht idirghníomhú sóisialta a eagrú i rith gach ceachta chun go mbeidh seans ag na páistí úsáid a bhaint as an teanga gach lá. Bíonn seans ag na páistí oibriú lena chéile ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí agus an múinteoir mar chomhairleoir, ag éisteacht agus ag tógáil nótaí den teanga atá fós lag.
Tá an bhéim sa treimhse seo ar bhrí na teanga agus ar an teachtaireacht.
(Sa tréimhse seo tá tascanna le déanamh, cluichí cumarsáide, rólanna i suímh réalaíocha agus insamhlaithe, idirghníomhú sóisialta, drámaíocht, sceitsí, seiftiú, plé díospóireacht agus saorúsáid na teanga).

N.B. Tabhair deis do na páistí an teanga a chleachtadh trí úsáid a bhaint as na stráitéisí (agallamh beirte, cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, drámaíocht, dán a rá nó píosa léitheoireachta a dhéanamh).

Iarchumarsáid

Cinntíonn an múinteoir go dtuigeann an páiste an Gaeilge agus go bhfuil sé / sí in ann forleathnú a dhéanamh uirthi go suíomh eile le gníomhaíochtaí iarchumarsáide.
Sna bun ranganna téann an múinteoir siar ar an teanga a bhí lag I bhfoirm aithrise, athrá agus cleachtaidh gramadaí arís.
Sna hardranganna beidh gá le cleachtadh arís nó le traschur na teanga a múineadh sa cheacht go dtí tasc nó gníomhaíocht eile.
(Sa tréimhse seo tá féachaint siar, cleachtaí gramadaí, anailís na teanga, traschur eolais go tascanna eile, cluichí breise agus féachaint ar aghaidh).

N.B. Dul siar ar an teanga tríd úsáid a bhaint as druileanna / ceachtanna scríbhneoireachta etc

1.2 Feidhmeanna Teanga (R.C. lth19-27)

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla, mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cead a lorg, soiléiriú a lorg i gcomhrá, caidreamh sóisialta a dhéanamh, dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile, dearcadh a léiriú agus a lorg etc_
Mar go bhfuil Séideán Sí in úsáid againn sa scoil beidh muid ag baint úsáid as na feidhmeanna teanga / eiseamlairí sa phacáiste comhtháite sin chomh maith le eiseamláirí teanga eile a thagann chun tosaigh agus na páistí i mbun cumarsáide sa seomra ranga. Ta pacáiste Séidean Sí in úsáid againn suas go dtí Rang 6.Úsáideann muid na leabhair éagsúla achan dara bliain(mar shampla, Bliain 1 Séideán Sí - Rang 3; Bliain 2 Séideán Sí - Rang 4)._

Is féidir linn na h-eisleamláirí ó Séadeán Sí a chur in oiriúint don chleachtas ranga / scoile seo, do na riachtanaisí teanga, do shuimeanna agus do chúlraí na bpáistí.
Sa tslí seo is féidir a chinntiú go bhfuil forbairt agus leanúnachas sa scoil.
Is féidir cur leis an liosta seo nuair atá nathanna á fhoghlaim sna ceachtanna bunaithe ar na téamaí agus na feidhmeanna teanga atá foghlamtha, forbartha agus in úsáid go cumarsáideach ag páistí a mharcáil.

3. ***Snáitheanna an Churaclaim***

Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht

Snáithaonaid :

Spéis a chothú sa teagasc; an teanga a thuiscint agus ag úsáid an teanga.

Éisteacht *(T.L. lch 116)*

Tá an-tábhacht ag baint le éisteacht i sealbhú na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil m.sh. nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Tá sé fíor thábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáth chúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirtear béim ar scil na h-éisteachta i rith an cheachta chomh maith le éisteacht go foirmiúil.
Caithfidh fáth a bheith i gcónaí leis an éisteacht agus is minic a bhíonn an t-ionchar teanga sna gníomhaíochtaí éisteachta ag leibhéal níos airde na cumas cainte an pháiste. Foghlaimíonn an páiste an dóigh le h éisteacht go gníomhach, is é sin léiríonn an páiste go dtuigeann se / sí an chaint trí ghníomh a dhéanamh. Is féidir leis an múinteoir aire an pháiste a dhíriú ar ghnéithe áirithe den ábhar éisteachta agus ansin gríosann sé / sí an pháiste chun tuiscint a léiriú ar bhealaí éagsúla, cur I gcás pictiúr a tharraingt nó treoracha a leanúint. De réir a cheile leiríonn an páiste a thuiscint tríd an gcaint.
Tá béim láidir ar éisteacht sa scoil seo. Ní gá go dtuigfeadh an páiste gach focal I gcónaí ach uiareanta tuigeann sé / sí cuid mhaith de bhrí na cainte sin ón gcomhtheacs.

Labhairt *(T.L. lch 122)*

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ard chaighdeán Gaeilge labhartha ag na páistí agus iad ag fágáil Rang 6. Déanfar na scileanna eile, go háirithe éisteacht a chomhthathú le labhairt i dtascanna agus i ngníomhaíochtaí a mbeidh cuspóir cinnte leo.
Tá béim sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeadh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil suim acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Tugann an fhoireann deiseanna foghlama do na páistí i gcónaí ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh go rialta chun an teanga a fhorbairt. Mar sin spreagfaimís na páistí chun an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil chomh minic agus gur féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl.
Cé gur scoil Gaeltachta é an scoil seo agus go bhfuil an Ghaeilge a labhairt sa cheantar, níl Gaeilge a labhairt go rialta sa bhaile agus is í an Bhéarla an chéad teanga atá ag cuid de na páistí ag teacht ar scoil. Mar sin tá dúshlán anseo dúinn mar fhoireann na páistí a spreagadh an Ghaeilge mar theanga labhartha a úsáid i gcomhtheacsanna réalaíocha taobh amuigh den seomra ranga. Thosaigh muid TLC (teacht le chéile) i 2012 le na páistí a spreagadh Gaeilge a labhairt sa chlós. Bhéarann muid focail, phrásaí dóibh foghlaimaenn muid amhrain dóibh,agus tá muid ag tabhairt duaiseanna do an pháiste is fearr, ó gach rang, atá ag caint i nGaeilge gach seachtain. I 2014-2015 mar pháirt do FMS tá an scoil ag díriú is-teach ar labhairt Gaeilge. Tá na 8 dtéama Gaeilge roghnaithe again- seann am-háin do gach mí.

Léitheoireacht*(T.L. lch 125)* (féach Aguisín 3)

Aitnnítear an tábhacht a bhaineann le cumas éisteachta agus labhartha an pháiste mar bhunús don litearthacht. Is iad a bheidh mar bhunchloch don litearthachta a bheidh ag fás agus ag forbairt roimh aon cheachtanna foirmiúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
Faoin am go sroicheann na daltaí Rang 2 tá muid ag súil go mbeidh na hamharcfhocail is coitianta sealbhaithe ag na daltaí.
Tosaíonn clár ullmhúcháin don léitheoireacht i ranganna na naíonáin le rannta, cluichí teanga, amhráin, pictiúrleabhair, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus eile.
Cuirtear le seo le prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach. Féa-chann an múinteoir chuige go mbíonn cuid mhaith ábhair chlóbhuailte sa seomra ranga. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí sa scoil seo… léi-theoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteach, léitheoireacht roinnte, léi-theoireacht aonair, taoiléitheoireacht agus tionscnaimh léitheoireachta ilrangach. I ngach rang déantar scileanna léitheoireachta a fhobairt mar a oireann.
Is iad na príomhfháthanna a léann na páistí as Gaeilge ar scoil agus sa bhaile ná mar chuid dá gcuid obair scoile agus chun a saol pearsanta a shaibhriú
Tá leabhair Séideán Sí in úsáid againn sa scoil seo.

Tarlaíonn tús na léitheoireachta go h-oifigiúil i Naíonáin Bheaga.

Tá réimse éagsúla téascanna léitheoireachta in úsáid sa scoil seo. m. sh. Scéalta sna leabhair atá in úsáid (Séidean Sí), scéalta bealoidis, fíorleabhair, scríbhneoireacht an pháiste, dánta, rannta, amhráin, irisí Gaeilge (Aoibhinn), téacsanna ficsin agus neamhfhicsin. Úsáideann muid Sraith Soilse ó Fallons (Cáirde Nua, Spóirt, Áthas, Féasta, Breagáin...), Sraith Ré Nua ó Folens (Rang 1 & 2), Leabhair Gaeil Uladh (Pól agus Síle,Spóirt ag na páistí A & B...) Am don Léamh agus Stór Nua (Ardranganna) mar leabhair léitheoireachta breise sa dóigh go bhfuil mórán cineál téacsanna ag na daltaí.

Déanfar forbairt ar Na stráiteisí liteartha seo a leanas Ag úsáid an pacáiste foghraíocht atá le Seideán Sí.

- Coinceapa an phrionta
- Eolas ar an aibítir
- Feasacht i leith chóras fuaimeanna na Gaeilge
- Feasacht siollaí
- Feasacht i leith rím I bhfocail
- Feacacht fóimeimí
- Fogharlach na litreacht
- Stráitéisí aithint focal: nodanna ón gcomhthéacs nó ó réamheolas na bpáistí, eolas ar struchtúir, ar chomhréir agus ar ghramadach na teanga.

Tá na tuismitheoirí ar an eolas faoi cur chuige na scoile ó thaobh tús na léitheoireachta de. Tugtar comhairle dóibh conas tacú lena bpáistí.

Tá leabhair Gaeilge againn sa leabharlann agus tá se mar sprioc againn cur leis na leabhair i 2012-2013.

Scríbhneoireacht *(T.L. lch 139)*

Tarlaíonn an luathscríbhneoireachta i Rang na Naíonáin nuair a dhéanann na páistí cumarsáid trí phictiúir, ag cóipeáil frasaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí, nuacht phearsanta, cártaí etc...

Téann an scríbhneoireacht chun cinn (tús na scríbhneoireachta foirmiúla) le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht phearsanta, scéalta gearra, tuairiscí simplí, dánta simplí, scríobh faoi phictiúr,ceisteanna faoi scealta simplí a fhreagairtetc. Mar fhoireann tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scil na scríbhneoireachta a fhobairt go leanúnach comhsheasamhach sa scoil i bproiséas na scríbhneoireachta. Tá gá le seo ionas go mbeidh siad in ann feabhas a chur ar a n-iarrachtaí.

Beidh Rang 1 agus 2 ag dul i ngleic le próiseas na scríbhneoireachta e.g. pleanáil i bhfoirm pictiúir, áthléamh chun a dheimhniú go bhfuil ciall ag baint leis an méid atá scríofa acu, foilsiú agus cur i láthair do lucht éisteachta éagsúla.

Déanfar forbairt ar an scríbhneoireacht sa meán agus sna hardranganna mar shampla, liostaí, nuacht phearsanta, dialann, scéalta, tuairiscí dánta litreacha, ríomhphoist, oidis chócaireachta, agus areile.
Chomh maith le sin beidh tascanna cosúil le achoimire a dhéanamh ar scéal, foirm a líonadh, líonadh bearnaí in amhrán nó dán agus deachtú.

Déanfar forbairt ar scileanna agus ar stráitéisí na bpáistí chun gur féidir leo dul I ngleic le próiseas na scríbhneoireachta go neamhspléach. Déanfar seo trí:

- Pleanáil (struchtúrú/ smaointe / tobsmaoineamh / taighde)
- Dréachtú agus athdhréachtú
- Meastóireacht- athleamh chun brí agus ord (seicheamh) an téacs a fheabhsú.
- Athbhreithniú – athléamh ag díriú ar phoncaíocht, ghramadach agus litriú
- Foilsiú – i bhfoirm leabhar / tionscnamh / ar ríomhaire…
- Cur i láthair – obair na bpáistí a chur I láthair do dhaoine eile e.g. a gcáirde, páistí i ranganna eile, tuismitheoirí an pobal áitiúil.
- Scríobh Leabhair

Litriú neamhfhoirmiúil a bhíonn ar siúl i **Rang 2.** Déanfar é i gcomhthéacs na teamaí. Leanann sé ar aghaidh tríd na scoile ansin. Tá clár don litriú á dhéanamh ó Rang 1 go Rang 6. Tá an clár seo bunaithe ar riachtanaisí teanga na bpáistí. Tá an **ghramadach** á fhoghlaim de réir a chéile, i gcomhthéacs agus nascaithe leis na h-acmhainní/ teanga atá in úsáid. Bíonn béim i gcónaí ar úsáid agus cumarsáid i bhfoghlaim na gramadaí.
Úsáideann muid na leabhai Craic le Litriú agus Fuaimeanna agus Focail sna ranganna go léir

1.4Comhtháthú na Snáitheanna

Déanfar iarracht snáitheanna an Churaclam a mhúineadh ar bhealach comhtháite chomh minic agus gur féidir. Tá sé fíor-dheacair gan nascadh a bheith i gceacht mar is deacair éisteacht gan labhairt agus téann léitheoireacht agus scríbhneoireacht le chéile.

1.5Téamaí

Is comhthéasc iad na téamaí seo chun na feidhmeanna teanga a mhúineadh.

Mé Féin Caitheamh Aimsire
Sa Bhaile Éadaí
An Scoil An Aimsir
Bia Ocáidí Speisialta

SiopadóireachtAn Teilifís

1.6 Stráitéisí (T.L. lth 67)

Úsáidfear an réimse straitéisí i rith na ceachtanna.

Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna
Cluichí teanga
Druileanna
Scéalaíocht
Plé
Drámaíocht
Físeáin

Tascanna agus fadhbanna
Dánta
Amhráin
Seanfhocail

1.7 Modhanna Múinte(T.L. lth 64)

Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint as raon leathan de mhodhanna múinte agus straitéisí i ngach ceacht.

An Modh Díreach An Modh Closlabhartha
Modh na Sraithe An Modh Closamharc
Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí Modh na Ráite

1.8 Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Sa scoil seo úsáidtear an teanga go feidhmiúil i rith an lae. Cloisfidh na páistí an Ghaeilge in úsáid mar ghnáth theanga cumarsáide.
Tugann úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge seans don mhúinteoir agus don pháiste fíorúsáid a bhaint as an nGaeilge chun gnáthriachtanain chumarsáide agus shóisialta a chomhlíonadh. Chomh maith le sin bíonn seans ag an bpáiste na heiseamláirí teanga a d'fhoghlaim sé / sí sa cheacht foirmiúil Gaeilge a chleachtadh go neamhfhoirmiúil sa chaint.

Bíonn deis ag na leanaí an Ghaeilge a úsáid go rialta msh:

sa rang
ar theachtaireachtaí
ag tús an lae
ag am rolla
ag am dul abhaile
ag am lóin
Ar turais scoile
Ag TLC (teacht le chéile)/ tionól
Ag ranganna shnámha
Ar thurais éagsula

2. **Pleanáil Eagraíochta**

2.1Pleanáil an Mhúinteora

Déanann na múinteoirí pleanáil fadthéarmach agus gearrthéarmach. Beidh cuntas ar dhul chun cinn sa chuntas míosúil.

2.2Áiseanna

Tá liosta de na h-áiseanna don Ghaeilge atá againn sa scoil anseo le fáil ag deireadh an pholasaí seo.

2.3Éagsúlacht Chumais

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht chumais na bpáistí trí úsáid a bhaint as: modhanna múinte éagsúla, straitéisí éagsúla agus acmhainní difriúla.
Is féidir leis an múinteoir tascanna agus gníomhaíochtaí a dhearadh chun freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí.

2.4Comhtháthú le h-ábhair eile

Tarlaíonn an comhthathú go nádúrtha sa scoil mar gur scoil Gaeltachta é.

2.5Measúnú(R.C. lch 142)

Is cuid lárnach den phróiséas teagaisc agus foghlama na Gaeilge an measúnú. Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn sa scoil seo:

- liosta de na feidhmeanna teanga
- dírbhreathnú an mhúinteora
- tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- bailiúchán d'obair an pháiste
- tionscnaimh oibre na bpáistí
- proifilí curaclaim
- trialacha diagnoiseacha

2.6Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile sa Ghaeilge chun athneartú a dhéanamh ar an obair scoile agus nasc a chothú leis an mbaile.

2.7Forbairt Fóirne

Bainimid úsáid as cabhair na comhairleoirí Gaeilge ó PPDs. Tá suim ag ár múinteoirí sa teanga. Pléifear aon cheisteanna atá ag múinteoirí faoin Ghaeilge ag cruinniú foirne.

2.8Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

Déanaimid iarracht suim na dtuismitheoirí a mhúscailt sa teanga le linn 'Seachtain na Gaeilge' agus le prionta sa timpeallacht agus le Nuachtlitir na Scoile ag ocaidí dramaíochta srl a bhionn ar siúl.

2.9Comhionannas

Déantar iarracht freastal ar chearta gach páiste agus dá thoradh seo ullmhaítear na ceachtanna in oiriúint chumais, cultúrtha srl na bpáistí.

2.10Scrúdaithe Caighdéanacha

Beidh muid ag déanamh scrúdaithe/triallacha Droim Conrach ag deireadh gach bliain (Bealtaine) i ngach rang ag tosacht i rang na Naíonáin Mhóra suas go Rang 6 mar atá leagtha síos i gCiorclán 0056/2011 . Beidh torthaí na scrúdaithe ó Rang 2, 4 agus 6 ag dul chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna mar atá leagtha síos ins ana Ciorclán 0056/2011.

Critéir Ráthúlachta

Beidh cóip de na feidhmeanna teanga, gníomhaíochtaí oiriúnacha agus Gaeilge neamhf-hoirmiúil ag gach múinteoir chun úsáid a bhaint astu. Cabhróidh sé seo le comhthéacs ranga a thabhairt don phlean. Tabharfaidh Cuiditheoir cuairt orainn
chun múinleoireacht agus deá-chleachtas ranga a thaispeáint dúinn.

Cur i bhfeidhm

a. **Rólanna agus freagrachtaí:**

Tá an fhoireann go léir freagrach as an bplean a chur i bhfeidhm.

b. **Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:**

Beidh an plean seo a chur i bhfeidhm ón 8 Márta 2012.

Athbhreithniú

a. **Rólanna agus freagrachtaí:**

Anna Ní Chuireáin

b. **Spriocdháta don athbhreithniú:**

Déanfar athbhreithniú ar an bplean i Méan Fómhar 2015.

Daingniú agus Cumarsáid

Tabharfar an plean don Bhord Bainistíochta i 2012 chun é a phlé agus a fheabhsú más gá.
Beidh cóip ar fáil san oifig do thuismitheoirí gur mian leo é a léamh.

Síniú:

Ainm an PhríomhoideAinm an Chathaoirleach

_____

Dáta:_____ _____

Read more: https://scoil-phadraig-dobhar.webnode.page/polasaithe-na-scoile/plean-gaeilge/